C/2025/4196

28.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4196)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Buzet'

PDO-FR-A0148-AM02 — 8.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Buzet'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ministère de l'Agriculture, de l'Alimentation, de la Pêche, de la Ruralité et de l'Aménagement du Territoire

[An Aireacht Talmhaíochta, Bhia, Iascaigh, Gnóthaí Tuaithe agus Pleanála maidir le hÚsáid Talún]

Direction Générale des Politiques Agricoles, Agroalimentaires et des Territoires

[Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta, an Agraibhia agus an Bheartais maidir le Talamh]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge seo mar a shainítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar ATFC 'Buzet' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, is é sin:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl i gceist leis srianta breise ar chur ar an margadh an táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

7.1. *Cineálacha is ábhar spéise a chur san isteach chun críoch oiriúnaithe*

Leathnaíodh liosta na gcineálacha tánaisteacha i gCaibidil I, Roinn V, pointe 1, 'Cineálacha fíniúna' den tsonraíocht táirge:

— I gcás tháirgeadh fíonta geala, chun na cineálacha seo a leanas a chur isteach: Floréal B, Voltis B agus Souvignier Gris B

— I gcás tháirgeadh fíonta dearga agus *rosé*, na cineálacha seo a leanas a chur isteach: Syrah N, Marselan N, Nielluccio N, Tempranillo N, Vidoc N agus Artaban N

Féadfaidh suas le 5 % de na cineálacha fíniúna a fhástar agus 10 % de na cumaisc a bheith sna cineálacha sin anois.

Chun laghduithe ar úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir atá in aice le suíomhanna áitrithe/uirbeacha a chur chun cinn, ní chuirtear san áireamh na limistéir:

— atá plandaithe le Vidoc N, Artaban N, Floréal B, Voltis B agus Souvignier Gris

— atá suite ag achar faoi bhun 20 méadar ó na háiteanna a luaitear sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí chun ríomh a dhéanamh ar achair na gcineálacha 'is ábhar spéise chun críoch oiriúnaithe' a áireamh, ach sin faoi réir theorainn 5 % ar achar an ghabháltais a dhearbhaítear san ATFC.

Tá cuimsiú na gcineálacha sin ar cheann de na réitigh a glacadh don ainmniúchán mar fhreagairt ar an athrú aeráide agus ar úsáid laghdaithe táirgí cosanta plandaí. Tá na cineálacha tánaisteacha nua comhsheasmhach le próifíl fhíonta an ainmniúcháin, agus éascaítear leo oiriúnú do thriomach agus do ghalair fhungasacha. Fágann siad gur féidir úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú.

Sa doiciméad aonair, leasaíodh an roinn 'Cineálacha fíonchaor' dá réir sin.

7.2. *Leasú ar na rialacha maidir le cionta ar ghabháltais*

Tá gnóthachain solúbthachta ag baint leis na rialacha nua sin maidir le cionta ar ghabháltais agus baineann siad úsáid níos mó as cineálacha tánaisteacha, agus d'fhéadfaí cuid acu a oiriúnú níos mó anois do chineálacha áirithe ithreach agus don aeráid atá ag athrú.

Maidir le fíonta dearga agus *rosé*, tháinig méadú ar chion na gcineálacha tánaisteacha ó 10 % go 30 % de na cineálacha fíniúna. Tá na cineálacha tánaisteacha níos láidre agus soláthraíonn siad aigéadacht. Fágann siad gur féidir frithchothromú a dhéanamh ar an Merlot, atá an-soghabhálach i leith galair agus ina bhfuil an t-alcól féideartha ag méadú. Trí chumasc a dhéanamh le cineálacha tánaisteacha is féidir úire agus maothlachas a thabhairt do na fíonta agus, an tráth céanna, stíl an ainmniúcháin 'Buzet' a chaomhnú.

Maidir le fíonta geala, baineadh an riail lena ndealaítear na cineálacha tánaisteacha ó na príomhchineálacha atá sa chumasc cineálach. De bhreis air sin, trí chumasc a dhéanamh le cineálacha tánaisteacha, osclaítear raon suimiúil dea-bholaithe freisin. Chun bheith comhsheasmhach leis an leasú chun na rialacha maidir le cionta ar ghabháltais a bhaint, leasaíodh liosta na gcineálacha atá údaraithe i gcás fíonta geala.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

7.3. *Leagan amach an fhíonghoirt: Rialacha maidir le treilísiú agus airde an duilliúir*

Baineadh an riail lena gceanglaítear airde duilliúir treilíse agus rinneadh cóimheas duilleog/torthaí 1,4 m^2 d'achar dromchla seachtrach téastair chun 1 kg fíonchaor a tháirgeadh a chur ina hionad. Is é is aidhm dó sin aibíocht na bhfíonchaor a rialú trí chothromaíocht fhiseolaíoch ar an bhfíniúin a chur chun cinn agus, ar an dóigh sin, cainníocht na nduilleog a oiriúnú chun 1 kg fíonchaor a aibiú.

Tá méaduithe ar an gcion alcóil ar cheann d'éifeachtaí an athraithe aeráide ar phróifíl na bhfíonta; níl sé sin ag teacht lena bhfuil an pobal ag súil agus déanann sé dochar do chothromaíocht na bhfíonta iad féin.

Baineadh an fhoráil maidir le rialacha treilíse i roinn an bhirt idirthréimhsigh chun bheith comhsheasmhach leis an leasú.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

7.4. *Meascáin de chineálacha fíniúna*

Rinneadh an riail lena leagtar síos nach mór íosmhéid 90 % den chumasc a bheith sna príomhchineálacha a laghdú go 70 % i gcás fíonta dearga agus *rosé*.

I gcás fíonta geala, ní fhéadfaidh cion na gcineálacha Muscadelle B, Sauvignon B, Sauvignon Gris G agus Sémillon B a bheith faoi bhun 70 % i gcumasc gach baisce ag céim an phacáistithe.

Cuireann an t-athrú sin borradh faoi na cineálacha tánaisteacha, rud a mhéadaíonn an cion díobh go 30 % ó 10 % i gcás fíonta geala, dearga agus *rosé*. Tagann an t-éileamh sin leis an leasú ar na rialacha maidir le cionta ar ghabháltais. Treisíonn sé go mór an mhian go mbeidh solúbthacht ann i bhfianaise an athraithe aeráide agus go ndéantar aigéadacht ó na cineálacha tánaisteacha a chur isteach. Ní dhéanann na leasuithe sin difear suntasach do phróifíl an táirge.

Leasaíodh na pointí seo a leanas sa doiciméad aonair: Nasc leis an limistéar geografach

7.5. *Cleachtas fioneolaíoch: Gualach fíonóireachta a úsáid*

Baineadh an toirmeasc ar ghualach fíoneolaíochta a úsáid i gcás fíonta *rosé*.

Tá sé údaraithe anois, i gcás úrfhíonta agus i gcás úsáid fhíoneolaíoch suas le teorainn 20 % de thoirt an fhíona *rosé* a tháirgeann an déantóir fíona lena mbaineann i gcás na buainte atá i gceist.

Is é is aidhm dó sin a bheith in ann dath na bhfíonta *rosé* a rialú i gcomhthéacs an téimh dhomhanda, rud as a leanann carnadh breise siúcraí agus laghdú ar aigéadacht agus, ar an dóigh sin, méadú ar rioscaí do shláinte plandaí agus, go háirithe, ar rioscaí a bhaineann le galair fhungasacha.

Leasaíodh an pointe seo a leanas den doiciméid aonair: Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

7.6. *Toilleadh fíonlainne*

Tugadh isteach modh nua chun toilleadh fíonóireachta agus stórála a ríomh i gcás fíonta dearga, *rosé* agus geala.

Is é is cúis leis sin gurb amhlaidh, mar gheall ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid, go bhfuil líon méadaitheach oibreoirí ann a tháirgeann táirgeachtaí atá faoi bhun na dtáirgeachtaí a luaitear sa tsonraíocht táirge. Tá toilleadh fíonlainne coibhéiseach le 1,5 oiread (i gcás fíonta geala agus *rosé*), agus le 2 oiread (i gcás fíonta dearga), mheántáirgeacht 5 bliana na mbuainteanna is déanaí de chuid an ghabháltais. Tá laghdú ag teacht ar tháirgeachtaí ó na buainteanna is déanaí, rud a éilíonn oiriúnú a dhéanamh ar thoilleadh fíonlainne.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

7.7. *Tabhairt Cothrom le Dáta an Chóid Geografaigh*

Rinneadh na bardais atá sa limistéar geografach a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

Leasaíodh an pointe seo a leanas den doiciméid aonair: Limistéar geografach críochaithe

7.8. *Tagairtí*

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta [Institut national de l'origine et de la qualité, INAO] cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Buzet

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

4.1. *Fíonta geala*

Tar éis an choipthe, ní mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta. Ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta geala de réir toirte a bheith níos mó ná 12,5 % tar éis an tsaibhrithe. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht luaineach agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Tá an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte socraithe ag 10 % i gcás fíonta geala. Comhlíonann na saintréithe eile, mar réamhshocrú, na saintréithe sin a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Tá na fíonta geala tirime ó na cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G measartha mín agus éadrom agus tá siad sainiúil mar gheall ar a ndath meathbhán, a ndea-bholaithe simplí torthaí agus mothú úire a eascraíonn as a n-aigéadacht. Nuair a bhíonn cineál Muscadelle B, agus go háirithe cineál Sémillon B, chun tosaigh sa chumasc, bíonn na fíonta níos aramataí agus níos maothlaí, agus saintréithe dá gcuid iad déine a ndea-bholaithe spíosraí, aráin thóstáilte nó torthaí andúchasacha. Tugann a n-uigeacht níos raimhre cothromaíocht mhaith dóibh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.2. *Fíonta dearga agus fíonta rosé*

Tráth an phacáistithe, bíonn cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 g/l ag na fíonta dearga. Tar éis an choipthe, ní mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta. Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán na bhfíonta dearga agus na bhfíonta *rosé*, de réir toirte, níos mó ná 13 %. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht luaineach agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Tá an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte socraithe ag 10,5 % i gcás fíonta geala. Comhlíonann na saintréithe eile, mar réamhshocrú, na saintréithe sin a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Bíonn na fíonta dearga torthaíoch agus flaithiúil agus aramatach agus tathagach. Tá dea-bholaithe torthaí den chuid is mó, ag an gcéad cheann a luaitear agus a tháirgtear as cumaisc Merlot N agus Cabernet Franc N. Is cinnte go bhfuil tainniní ann, ach tá siad fíneálta, agus ba cheart na fíonta a ól agus iad óg. Tá na cinn is déanaí a luaitear, i gcás ina bhfuil Cabernet Sauvignon N chun tosaigh, ina bhfíonta tathagacha lena ngabhann dath dian agus ag a bhfuil dea-bholaithe láidir agus casta torthaí agus spíosraí, mar aon le blasanna beagáinín deataigh uaireanta. Tá struchtúr maith tainneach acu, ar cheart é a fhágáil lena n-aosú ar feadh cúpla bliain, agus bíonn mothú mín i gceist leo sa bhéal. Is fíonta torthaíocha bríomhara iad na fíonta *rosé*, a dhéantar as na cineálacha Cabernet Franc N agus Cot N den chuid is mó, agus dea-bholaithe torthaí agus bláthanna acu, mar le saibhreas áirithe sa bhéal. Mar gheall ar a n-aigéadacht éadrom, bíonn siad bríomhar go taitneamhach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

5.1.1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear gualach fíonóireachta a úsáid le haghaidh úrfhíonta i dtáirgeadh fíonta *rosé*, i gcion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona *rosé* a tháirgeann an déantóir fíona lena mbaineann le haghaidh na buainte atá i gceist. Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú suas le ráta tiúchana 10 %. Ní bhíonn an méadú ar neart alcóil nádúrtha de réir toirte i gcás na baisce atá á cóireáil níos mó ná toirt 1 %. Tar éis an tsaibhrithe, ní sháraíonn na fíonta an neart alcóil iomlán 12,5 % de réir toirte i gcás fíonta geala, agus 13 % i gcás fíonta dearga agus *rosé*. Anuas ar na forálacha thuasluaite, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe.

5.1.2. An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní ceadmhach an fad idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,5 m. Ní mó ná 2,5 m^2 an t-achar atá ar fáil do gach planda. Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir sraitheanna a mhéadú faoin spásáil idir plandaí.

Déantar fíniúnacha a phrúnáil trí úsáid á baint as modh Guyot aonair nó dúbailte nó as prúnáil spoir (treorú treilíse íseal cordon de Royat).

Ní mór 13 bhachlóg ar a mhéad a bheith ag gach planda.

Is féidir uisciú a údarú.

5.2. *Uastáirgeacht*

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonta sna comúin seo a leanas i roinn Lot-et-Garonne: Ambrus, Anzex, Barbaste, Bruch, Buzet-sur-Baïse, Calignac, Caubeyres, Damazan, Espiens, Feugarolles, Lavardac, Leyritz-Moncassin, Moncaut, Montagnac-sur-Auvignon, Montesquieu, Montgaillard-en-Albret, Nérac, Pompiey, Puch-d'Agenais, Razimet, Saint-Léon, Saint-Pierre-de-Buzet, Sainte-Colombe-en-Bruilhois, Sérignac-sur-Garonne, Vianne, Villefranche-du-Queyran agus Xaintrailles.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Abouriou B

Artaban N

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Colombard B

Cot N — Malbec

Floréal B

Gros Manseng B

Marselan N

Merlot N

Muscadelle B

Nielluccio N — Nielluciu

Petit Manseng B

Petit Verdot N

Sauvignon B — Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G — Fié Gris

Sémillon B

Souvignier Gris B

Syrah N — Shiraz

Tempranillo N

Vidoc N

Voltis B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá an limistéar geografach táirgeachta suite in Gascogne, i roinn Lot-et-Garonne gar do chumar na n-aibhneacha Garonne agus Lot, leath bealaigh idir Toulouse agus Bordeaux, agus gar do Agen agus Marmande. Agus Gleann Garonne mar theorainn aige ó thuaidh, cuimsíonn an limistéar stráice 40 km go garbh atá thart ar 15 km ar leithead. San iarthar, tá teorainn ag an limistéar le Foraois ollmhór Landes. Maidir leis an ngaineamh gaothshéidte ar a seasann Foraois Landes, cuireadh cosc ar ghluaiseacht níos faide soir an ghainimh sin a bhuí le habhainnchóras Gelise-Baïse. Tá teorainn bheacht leathnú na ngaineamh sin agus teorainn bheacht an limistéir táirgeachta suite chomh fada (intíre) le Barbaste. Tá limistéar táirgeachta Buzet teorannaithe ar an taobh ó dheas de Nérac ag foirmíochtaí geolaíocha molásacha treasacha. Sa chás sin, cuireadh sraitheanna aolchloiche bána agus liatha leis an gCéim Acatánach. Sa ré cheathartha, shil-leag Abhainn Garonne roinnt sraitheanna léibheann cré-ghairbhéil sa limistéar seo. Mar thoradh air sin, tá an topagrafaíocht tar éis éirí thar a bheith bog agus tá an tírdhreach tar éis athrú go foirm cnoc réidh droimneach lena ngabhann lomáin aolchloiche chrua ag bun na bhfánaí áit ina bhfuil starradh coillteach foirmithe. I dtéarmaí ithreach, bíonn ithreacha ar aolchloch liath ina chúis le hithreacha cailcreacha donna atá measartha mín agus dea-dhraenáilte. Táirgeann ithreacha ar mholás Acatánach talamh atá níos doimhne, ar a dtugtar 'terrefort' go háitiúil. Tá cion cré athraitheach iontu sin agus tá soláthar maith uisce dóibh. Is ithreacha podsalacha den chineál 'boulbènes' iad na hithreacha ar na léibhinn lárleibhéil. Nuair a bhaintear an chuid uachtarach den ithir, nochtar carnadh léaslíne ithreach atá lán le cré agus le hocsaíd iarainn. Tugann sé sin paistí ar a bhfuil dath dearg ar leith (ar a dtugtar 'rougets') do na hithreacha sin. Ar deireadh, is é atá in ithreacha na léibheann uachtarach ar an gcuid is airde de na fánaí sil-leagain cré agus ghairbhéalacha atá measctha ar an dromchla le codán mín dúrabháin a shéidtear isteach ar an ngaoth. Is aeráid mhuirí í a bhfuil tionchar beag uirthi ón deisceart. Tá an chomhpháirt mhuirí thar a bheith ceannasach agus tá gaotha mheasartha agus bogthais aniar ann as a leanann teochtaí cineálta mar aon le báisteach a bhaineann buaicphointe amach i mí na Bealtaine agus i mí na Nollag. Tagann an tionchar ón deisceart chun tosaigh san fhómhar a bhuí leis an ngaoth Autan, a thagann ón Meánmhuir feadh Ghleann Garonne. Is gaoth the í gaoth Autan a bhfuil éifeacht triomúcháin aici a fheidhmíonn mar choscán ar aimsir neamhshocair an Atlantaigh a thagann ón tuaisceart.

Is é cumar an Baïse agus an Gélise ar theorainn bhardais Lavarde agus Barbaste an 'crosbhealach' abhann is mó ar an taobh ó dheas den Garonne. Luaitear i gCairt Bhaile Buzet, a théann siar go dtí na Meánaoiseanna, gur táirge fíor-riachtanach é an físon i saol an bhaile. I ndáiríre, bhí gníomhaíocht trádála i gcónaí ag réigiún Buzet ar gníomhaíocht í a leathnaigh ina dhiaidh sin síos an sruth i dtreo Bordeaux trí leas a bhaint as iompar uiscebhealaigh intíre ar Abhainn Baïse, agus ansin ar an Abhainn Garonne agus ar deireadh tríd an gcanáil chliathánach taobh leis an Garonne in 1856. In 1884-1885 agus in ainneoin ráig fiollocsaeire, thaistil os cionn 1 000 bairille in aghaidh na míosa síos an abhainn. Tar éis ráig fiollocsaeire, tháinig meath eacnamaíoch ar an bhfíonsaothrú, rud a d'fhág go raibh géarchéimeanna na tréimhse idirchogaidh níos measa. Cuireadh cineálacha fíniúna hibrideacha dírtháirgeoirí

nó cineálacha ardtáirgeachta a plandáladh in ithreacha saibhre Ghleann Baïse in ionad cineálacha uaisle *Vitis vinifera*. Cuireadh tús le hathnuachan in 1946 nuair a cruthaíodh aontas saothróirí fíona; ina dhiaidh sin, bunaíodh comharchumann agus deonaíodh ainmniúchán tionscnaimh AOVDQS le haghaidh fíon ag a raibh stádas ardcháilíochta in 1953. Bhí Buzet ina shiombail d'athbheochan fíonta ón gcuid 'Haut-Pays' (intíre) de réigiún fíona Bordeaux. In 1948, bhí na díospóidí idir saothróirí fíona ina n-abhair os comhair na cúirte in Nérac. I mbreithiúnas a tugadh an 31 Iúil 1948, sainíodh an chéad limistéar táirgeachta i ngrúpa lárnach ina raibh sé bhardas. Ní go dtí tráth níos déanaí, is é sin an 11 Aibreán 1967, a d'aithin an chúirt in Agen an limistéar táirgeachta ina chumraíocht reatha agus táirgeadh fíonta *rosé*. In 1973, is éard a bhí san *appellation d'origine contrôlée* [ainmniúchán tionscnaimh cláraithe], nó AOC, aitheantas do na hiarrachtaí a rinne na saothróirí fíona agus an comharchumann mar an chéad cheann sa roinn chun íocaíocht dhifreáilte a thabhairt isteach i gcás fíonchaor a bhí bunaithe ar chritéir cháilíochtúla (aibíocht, ualach, riocht sláinte, etc.).

Cé go gcumhdaíonn an comharchumann níos mó ná 200 táirgeoir agus 95 % den táirgeadh iomlán, tá díolacháin dhíreacha tugtha isteach ag dosaen fíonlann ar leithligh, rud a leathnaigh raon agus bonn custaiméirí fhíonta Buzet. Baineann 72 % den táirgeadh le fíonta dearga atá sa raon ó fhíonta atá torthaíoch agus flaithiúil agus fíonta atá aramatach agus lántathagach. Tá dea-bholaithe torthaí den chuid is mó ar an gcéad grúpa d'fhíonta, agus táirgtear iad le cumaisc Merlot N agus Cabernet Franc N. Is cinnte go bhfuil tainniní iontu, ach tá siad fíneálta, agus ba cheart na fíonta a ól agus iad óg. Is fíonta lántathagacha iad an dara grúpa fíonta, lena ngabhann dea-bholaithe láidre agus casta torthaí agus spíosraí, agus blasanna beagáinín deataithe orthu uaireanta, mar aon le blasanna beagáinín orthu (arán tóstáilte, caife, fanaile, etc.) atá déanta as cumaisc ina bhfuil an cion is mó ag cineál Cabernet Sauvignon N. Tá struchtúr maith tainneach acu, ar cheart é a fhágáil lena n-aosú ar feadh cúpla bliain, agus bíonn mothú mín i gceist leo sa bhéal.

Tá sciar cobhsaí 25 % den táirgeadh acu sin, agus is fíonta *rosé* iad den chuid is mó, ar fíonta iad a dhéantar go príomha as na cineálacha Cabernet Franc N agus Cot N. Bíonn siad torthaíoch agus bríomhar agus bíonn dea-bholaithe torthaí agus bláthanna acu, mar aon le saibhreas áirithe sa bhéal. Mar gheall ar a n-aigéadacht éadrom, bíonn siad bríomhar go taitneamhach. Bíonn siad tirim agus torthaíoch i gcónaí ach, ós rud é go bhfuil cion de na cineálacha Merlot N agus Cabernet Sauvignon N sa chumasc, tá roinnt fíonta *rosé* gar do bheith ina bhfíonta 'clairet', a bhfuil láithreacht níos boige sa bhéal acu mar aon le dea-bholadh torthaíoch ceannasach agus blas fada milis. Tá na fíonta geala tirime ó na cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G measartha fíneálta agus éadrom agus tá siad sainiúil mar gheall ar a ndath éadrom, ar a ndea-bholaithe simplí torthaí agus ar mhothú úire a éiríonn as a n-aigéadacht. Nuair a bhíonn cineál Muscadelle B, agus go háirithe cineál Sémillon B, chun tosaigh sa chumasc, bíonn na fíonta níos aramataí agus níos maothlaí, agus saintréithe dá gcuid iad déine a ndea-bholaithe spíosraí, aráin thóstáilte nó torthaí andúchasacha. Tugann a n-uigeacht níos raimhre cothromaíocht mhaith dóibh. I gcás gach datha fíona, ní fhéadfaidh cion na gcineálacha tánaisteacha sa chumasc a bheith níos mó ná 30 %. Tá láithreacht shuntasach gairbhéil ag na dáileachtaí talún ar léibhinn arda ar gairbhéal é ón Garonne a chumasaíonn do na hithreach draenáil go nádúrtha agus go héifeachtach, agus téamh níos luaithe san earrach, rud a fhágann go bhfuil siad an-oiriúnach do shaothrú fíniúnacha. Ar na dáileachtaí talún sin, baineann na cineálacha is déanaí amhail Cabernet Franc N agus Cabernet Sauvignon N aibíocht fheanólach amach agus cuireann siad taca faoi tháirgeadh na bhfíonta dearga is láidre. Sna fíonta sin, tugann cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G a gcumhacht aramatach iomlán chun tosaigh. Cuidíonn na dáileachtaí talún ar na léibhinn lár-leibhéil, lena n-ithreacha dúrabháin gainmheacha láiste ('boulbènes') chun neart na bhfíniúnacha a rialú i gceart, go háirithe i dtéarmaí táirgeachta. Tá na dáileachtaí talún sin an-oiriúnach do chineálacha Cabernet Franc N agus Cot N, go háirithe chun fíonta *rosé* a tháirgeadh. Is iad dáileachtaí talún ag a bhfuil ithreacha 'terrefort' agus atá suite ar mholás créúil, agus ithreacha 'terrefort' aolchloiche de thionscnamh chreimeadh aolchloiche locha na hithreacha is deacra a bhainistiú. Mar gheall ar fhorbairt ar cumhdach féir bhainistithe, bhíothas in ann iomaíocht a chur ar fáil do na fíniúnacha. Dá bhrí sin, is féidir neart na bpríomhchineálacha agus, go háirithe, cineál Merlot N a bheith ann. Sna cásanna seo, tugann cineálacha Sémillon B agus Muscadelle B tathag agus olaíocht don fhíon.

Níorbh fhéidir fíon 'Buzet' a thabhairt ar ais chuig na haicmí fíonta ar ardchaighdeán gan toil grúpa daoine ar éirigh leo cuspóir a chineálacha fíniúna a athrú. An tráth céanna, tá forbairt struchtúir tráchtála agus díolacháin dhíreacha le ceannaitheoirí ar leithligh tar éis cur le cáil na bhfíonta. Ó dheireadh na Meánaoiseanna, rannchuidigh manaigh, abaí agus cinn pobal reiligiúnach le tuiscint níos fearr a fháil ar mhodhanna saothraithe agus táirgthe fíona. Léiríonn cinn cholúin na heaglaise in Damazan, atá maisithe le triopaill fíonchaor, tionscnamh manachúil na bhfíonghort.

Go stairiúil, ní raibh féiniúlacht an-láidir ag an bhfíonghort seo in 'Haut-Pays' réigiún fíona Bordeaux, toisc gur díoladh na fíonta faoin ainm 'Bordeaux' tar éis iad a iompar síos Abhainn Garonne. Tá an tagairt d'fhíonta 'Buzet' le feiceáil i gcomhaontú taraife a shínigh Rí Shasana ar an 12 Nollaig 1284. Bhí Diúcacht Albret, agus Nérac mar phríomhchathair ann, san áireamh sa limistéar geografach, agus ba chuid de Ríocht Navarre é. Chaith Anraí Navarre, Prionsa Albret agus Rí Anraí IV na Fraince ina dhiaidh sin cuid dá óige ansin agus bhí saol na bhfuíoll ag a chúirt, lena n-áirítear an pléisiúr a bhaineann leis an bhfíon áitiúil a ól.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

An fhaisnéis roghnach uile, déantar í a cló ar na lipéid i litreacha nach féidir a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

I gcás fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Buzet' acu, féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Sud-Ouest' [Iardheisceart] a shonrú ar a lipéid. Féadfaidh an t-aonad geografach níos leithne sin a bheith le feiceáil ar aon bhileoga nó ar aon choimeádáin freisin. I dtaca leis an aonad geografach leathan sin, is éigean nach mbeadh na litreacha a úsáidtear ann níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid litreacha ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-556dff9f-9af7-429e-bf37-5badc2bef0c6